**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10623 – REPSOL / TELEFONICA / JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 208/08)

1. An 13 Bealtaine 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Repsol Customer Centric, S.L. ("Repsol CC", an Spáinn), fochuideachta de Repsol, S.A ("Repsol", an Spáinn),

— Telefónica de España, S.A.U. ("Telefónica", an Spáinn), fochuideachta de Telefónica S.A ("TEF", an Spáinn).

Gheobhaidh Repsol CC agus Telefónica comhrialú ar chomhfhiontar ( an "Comhfhiontar") de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— Repsol: ola agus gás a thráchtálú agus a iompar, biotúman, breoslaí, táirgí speisialaithe, bealaí agus ceimiceáin le haghaidh úsáidí éagsúla a tháirgeadh agus a thráchtálú, mar aon le stáisiúin seirbhíse a fhorbairt agus a bhainistiú agus leictreachas agus gás a ghiniúint agus a thráchtálú,

— TEF: oibreoir teileachumarsáide domhanda agus soláthraí líonra mhóibíligh, ag oibriú faoi roinnt brandaí, lena n-áirítear Movistar, Virgin Media O2 agus Vivo, ag cur seirbhísí móibíleacha, líne talún, idirlín agus teilifíse ar fáil,

— An Comhfhiontar: tionscadail fhótavoltacha a chur chun feidhme sa Spáinn, arb é a bhíonn i gceist den chuid is mó grianphainéil a fháil, a shuiteáil agus a chothabháil ar an talamh nó ar dhíonta le haghaidh uath-ídiú leictreachais ag teaghlaigh agus ag gnólachtaí, maille le gníomhaíochtaí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta an fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10623 – REPSOL / TELEFONICA / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË